Curaclam Thuaisceart Éireann

Smaointe le Foghlaim a Nascadh (SFN)

Eochairchéim 2 **Bliain 6 & 7**

Éicealaochra

fócas

Tabharfar páistí ar thuras ón seomra ranga, chuig an chomhshaol áitiúil, an chomhshaol náisiúnta agus an chomhshaol dhomhanda. Déanfaidh siad taighde ar cheisteanna comhshaoil agus tuigfidh siad an fhreagracht phearsanta atá orthu as an chomhshaol agus an ról is féidir leo a ghlacadh lena chothabháil. Spreagfar páistí lena gcuid tuairimí féin a fhorbairt trí bheith ag freagairt do spreagthaigh chomhshaoil.

Na hEalaíona

- fuaimeanna na foraoise báistí
- maisc chomhshaoil
- damhsa comhshaoil
- péinteáil coirp
- gníomhaíochtaí vox-pop
- drámaíocht sheomra na cúirte

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

- ceisteanna agus íomhánna an éicealaoich
- feasacht chomhshaoil sa phobal áitiúil
- cur chuige fiontraíochta a úsáid

An Domhan Thart Orainn

- áit
- idirthuilleamaíocht
- athrú thar am
- gluaiseacht agus fuinneamh

Corpoideachas

- réimse gluaiseachtaí
- freagairt do cheol
- ag obair go héifeachtach le páirtí
- feidhmiú a mheas agus a fheabhsú



Clár

Sa leabhrán SFN seo ar 'Éicealaochra' tá:

Cuspóirí Molta Foghlama agus Gníomhaíochtaí Molta Foghlama do na réimsí seo a leanas:

- Na hEalaíona 3
- Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint 9
- An Domhan Thart Orainn 13
- Corpoideachas 17

Cuidiú le Forbairt Scileanna:

- Cumarsáid 21
- Úsáid na Matamaitice 21
- Úsáid TFC 21
- Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta 22

Áiseanna Molta 23



Fócas

Tabharfar páistí ar thuras ón seomra ranga, chuig an chomhshaol áitiúil, an chomhshaol náisiúnta agus an chomhshaol dhomhanda. Déanfaidh siad taighde ar cheisteanna comhshaoil agus tuigfidh siad an fhreagracht phearsanta atá orthu as an chomhshaol agus an ról is féidir leo a ghlacadh lena chothabháil. Spreagfar páistí lena gcuid tuairimí féin a fhorbairt trí bheith ag freagairt do spreagthaigh chomhshaoil.

Na hEalaíona

- fuaimeanna na foraoise báistí
- maisc chomhshaoil
- damhsa comhshaoil
- péinteáil coirp
- gníomhaíochtaí vox-pop
- drámaíocht sheomra na cúirte

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

An Domhan Thart Orainn

Corpoideachas

Ag Dul Chuig an Zú

Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith eolach ar an dóigh a n-úsáidtear an guth agus gotha gnúise le labhairt go díreach leis an cheamara.
- An dóigh le hargóint áititheach loighciúil a chur i láthair i ról a thuiscint.
- An dóigh le dráma a ullmhú agus a chur i láthair a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Tosaigh amach le cluiche ina ndéanann an rang a oiread ainmhithe agus is féidir a ainmniú. Forbair an idé trí na hainmhithe a cheangal leis an aibítir, mar shampla, A – Antalóp, B – Béar srl. Iarr ar gach dalta smaoineamh ar ainmhí ar ionann a thúslitir agus túslitir a ainm féin, mar shampla, Tomás – Tíogar, Máire – Moncaí srl.

Smaoinigh ar chás samhailteach, mar shampla, tá infheisteoir príobháideach ar tí zú mór poiblí a thógáil sa cheantar áitiúil. Tá an zú ag iarraidh daoine áitiúla a earcú, a thraenáil agus a fhostú le bheith ag obair san imfhálú úr agus le háiseanna póraithe a fhorbairt. Déanfaidh an rang na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an fhorbairt seo a liostú. Déanfaidh siad na hargóintí deimhneacha a mheas, mar atá fostaíocht do dhaoine áitiúla, infheistiú agus athbheochan don bhaile, marthanas agus forbairt ainmhithe. Déanfaidh siad na héifeachtaí diúltacha a mheas fosta, mar atá fóirithint ar ainmhithe, ceisteanna sábháilteachta don phobal áitiúil, fadhbanna sóisialta mar gheall ar mhéadú ar an líon turasóirí, fadhbanna tithíochta mar gheall ar mhéadú ar an daonra, srl.

I ngrúpa, dáil amach róil na ndaoine a mbeadh baint dhíreach acu leis an zú úr a thógáil. Iarr ar an ghrúpa vox-pop nóiméad amháin a chur i láthair a bheith le taifeadadh ar fhíscheamara. Ní mór do na daltaí tuin ghutha, blas, béim agus gotha gnúise a fhorbairt a bheadh oiriúnach do na carachtair atá á gcur i láthair. Ar na carachtair sin, is féidir go mbeadh cónaitheoir áitiúil feargach, forbróir saibhir, pleanálaí baile, duine dífhostaithe, duine óg ar suim leis ainmhithe, siopadóir sonasach nó agóideoir cearta ainmhithe.

Glacfaidh an rang na róil seo a leanas orthu féin: ról an bhreithimh, róil an ghiúiré, róil na n-abhcóidí agus róil na bhfinnéithe i leith agus in éadan an zú. Cuirfear an cás i leith an zú i láthair agus beidh ar an ghiúiré cinneadh a dhéanamh faoi cé acu a rachaidh sé chun cinn nó nach rachaidh.

NB:
D'fhéadfá an ghníomhaíocht seo a dhéanamh arís agus creatlach scéil difriúil in úsáid agat, mar shampla, tógáil gléasra diúscartha dramhaíola, ionaid fóillíochta nó monarchan éadaigh. Is féidir leis na daltaí sealaíocht a dhéanamh ar na róil.

Fuaimeanna na Foraoise Báistí

Cuspóirí Molta Foghlama

- An dóigh a n-úsáidtear ceol le freagairt a dhúiseacht a thuiscint.
- Bheith eolach ar na saintréithe fuaime atá ag roinnt uirlisí coitianta.
- Bheith in ann na heilimintí ceoil a úsáid agus iad i mbun cumadóireachta nó ag seinm.
- Bheith in ann ceol a chumadh agus a chaomhnú.

Gníomhaíochtaí Molta

Éistfidh gach duine le taifeadadh d'fhuaimeanna foraoise báistí agus pléifear an mothú agus an t-atmaisféar a chruthaíonn sé (féach pacáiste áiseanna 'Music at Key Stage 2' – CCEA). Pléifidh siad, sainaithneoidh siad agus cuirfidh siad síos ar a oiread fuaimeanna agus is féidir. Éistfidh siad leis an sliocht arís agus sainaithneoidh siad na fuaimeanna atá:

- leanúnach;
- le cluinstin anois agus arís;
- ina mbraislí – cuid mhór fuaimeanna ag tarlú ag aon am amháin;
- glórach nó ciúin;
- fada nó gearr;
- ard nó íseal; agus
- gasta nó fadálach.

Déanfaidh an rang ransú smaointe ar a oiread fuaimeanna foraoise báistí agus is féidir agus cuirfidh siad síos ar gach ceann acu, agus focail ón liosta thuas in úsáid acu, mar shampla:

- marmaisín – ard, gearr, glórach, anois agus arís;
- feithidí – braisle, leanúnach, ciúin.

Ina n-aonar, roghnóidh gach duine fuaim ar leith agus déanfaidh siad cur síos scríofa air, mar shampla, leanúnach, íseal, ag éirí níos airde, fuaimeanna gearra aonair, ag éirí níos gasta, ag éirí fadálach, ag éirí níos ísle, ag tarlú anois agus arís, tost. Éistfidh na daltaí le fuaimeanna uirlisí éagsúla sula roghnóidh siad uirlis chuí leis an fhuaim a léiriú.

Bainfidh siad úsáid as uirlisí roghnaithe leis na fuaimeanna a chleachtadh agus a thaifeadadh ar scór glan. Rachaidh siad isteach i ngrúpaí a chomhshnaidhmeann cuid mhór fuaimeanna éagsúla agus roghnóidh siad amadóir. Coinneoidh an t-amadóir buille seasta trí uirlis chuí a roghnú agus a úsáid, mar shampla, triantán chun sileadh uisce a léiriú.

Éistfidh gach grúpa lena amadóir agus déanfaidh siad fuaimeanna éagsúla na foraoise báistí a comhshnaidhmeadh. Déanfaidh siad cleachtadh agus taifeadfaidh siad an scór. Seinnfidh gach grúpa don chuid eile den rang. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí a bhí na píosaí ceoil maidir le:

- buille seasta a choinneáil;
- uirlisí cuí a roghnú;
- fuaimeanna a srathú agus a chomhcheangal; agus
- mothú agus atmaisféar na foraoise báistí a chruthú.

Déanfaidh gach grúpa a phíosa a thaifeadadh agus a sheinm le chéile chun mórphíosa corraitheach a chruthú.

Cuirfear seo i gcomparáid agus i gcodarsnacht le buntaifeadadh na foraoise báistí.

Cad é atá Taobh Thiar Den Mhasc

Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith eolach ar an dóigh ar féidir eolas a bhailiú trí shaothar ealaíne, dearaidh agus ceardaíochta a bhreathnú.
- Bheith eolach ar an dóigh le teicnící líníochta a úsáid le freagairt d'idéanna nó don tsamhlaíocht.
- An difear idir ábhair nádúrtha agus ábhair shaorga, agus an dóigh ar féidir iad a úsáid, a thuiscint.
- An dóigh ar féidir eilimintí amhairc a úsáid le hidéanna a chur in iúl a thuiscint.
- Bheith eolach ar réimse teicnící ceangail agus treisithe le cuidiú le fadhbanna dearaidh a réiteach.

Gníomhaíochtaí Molta

Pléigh leis an rang ócáidí speisialta amhail laethanta breithe, bainiseacha agus féilte agus na héadaí a chaithimid ar na hócáidí seo.

Agus foinsí traidisiúnta agus foinsí digiteacha in úsáid acu, aimseoidh na daltaí roinnt pictiúr de na feistis agus de na ceannbhearta a chaitheann daoine i gcultúir éagsúla ag amanna éagsúla agus ar chúiseanna éagsúla agus déanfaidh siad taighde orthu, mar shampla, na hAstacaigh, maisc adhlactha na hÉigipte, feistis bhainise Hiondúcha, Indiaigh Mheiriceá Thuaidh, Bundúchasaigh na hAstráile agus na Maoraigh sa Nua-Shéalainn. Pléigh leis an rang an rud atá na daoine seo ag iarraidh a chur in iúl trí na feistis seo agus an dóigh a mothaíonn siad. Sainaithneoidh na daltaí éifeachtaí suimiúla na ndathanna, na gcruthanna agus na fíoraíochta. Ba chóir na rudaí seo a leanas a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile:

- an dóigh a mbíonn idéanna á léiriú i bhfoirmeacha difriúla;
- an dóigh a n-eagraítear cruth, dath agus uigeacht ar dhóigheanna difriúla; agus
- an dóigh ar comhoiriúnaíodh ábhair agus teicnící le hidéanna agus le cuspóirí.

Iarr ar na daltaí taighde a dhéanamh ar fheistis, ar fhéilte, ar ghnáthóg, ar chomhshaol agus ar stíl mhaireachtála áitritheoirí foraoise báistí áirithe, mar shampla, muintir Yamomami agus muintir Caiapo na hAmasóine agus muintir Huli Wigmen i Nua-Ghuine Phapua. Bainfidh siad úsáid as taighde le tuairiscí a scríobh ar an limistéar atá roghnaithe acu. Tabhair na daltaí ar thuras chuig Daonpháirc Uladh-Mheiriceá le go dtig leo páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Meiriceánacha Dúchasacha lena fháil amach faoin dearcadh atá acu ar an chomhshaol.

Roinn an rang ina ngrúpaí agus iarr ar na grúpaí ócáid áirithe a roghnú amhail bainis, bás, turas seilge nó dífhoraoisiú. Dearfaidh siad feisteas a bhfuil ceannbheart nó corpealaín mhaisiúil mar chuid de, chun an ócáid roghnaithe a léiriú. Pléifidh siad an rud atá siad ag iarraidh a chur in iúl agus socróidh siad cé na hábhair chomhshaoil atá ar fáil, mar shampla, cnámha, cleití, fásra, dathanna agus ruamanna. Roghnóidh siad ábhair chuí chun an ócáid a léiriú, mar shampla:

- duilleoga, craobhóga, bláthanna agus féara;
- fabraicí agus snáthanna; agus/nó
- paicéid, páipéir, málaí agus buidéil.

Déanfaidh siad dathanna a mheascadh chun pailéad dathanna foraoise báistí a chruthú. Déanfaidh siad sceitse a lipéadú agus a dhathú agus na dathanna seo in úsáid acu.

Ansin déanfaidh siad an feisteas nó an ceannbheart a phleanáil agus a chruthú i bhfoirm 3T agus tabharfaidh siad faoi deara na teicnící ceangail, treisithe agus tógála. Cuirfidh siad na hidéanna, na modhanna, agus na cineálacha cur chuige i gcomparáid lena chéile go tráthrialta agus pléifidh siad fadhbanna agus réitigh ionas gur féidir an obair a oiriúnú más gá.

Ba chóir machnamh a dhéanamh ar an táirge deiridh agus plé a dhéanamh ar:

- na hidéanna agus an bhrí a cuireadh in iúl;
- an dóigh ar úsáideadh ábhair agus teicnící; agus
- an dóigh a n-oireann an táirge don ócáid atá á léiriú.

Glacfaidh na daltaí grianghraif dhigiteacha dá chéile agus na ceannbhearta agus na feistis orthu, agus bainfidh siad úsáid as na grianghraif seo i dtaispeántas (agus Slideshow, Textease nó PowerPoint in úsáid acu más cuí). Agus na feistis, na ceannbhearta agus an chorpealaín mhaisiúil orthu, éistfidh siad leis an taifeadadh de cheol na foraoise báistí. Roinn an rang ina ngrúpaí beaga agus iarr orthu damhsa gearr a phleanáil agus a chur i láthair, mar shampla damhsa chun na crainn a shábháil. Cuirfidh siad ceol agus damhsaí na foraoise báistí i láthair ag an tionól agus na feistis, na ceannbhearta agus an chorpealaín orthu.



Fócas

Tabharfar páistí ar thuras ón seomra ranga, chuig an chomhshaol áitiúil, an chomhshaol náisiúnta agus an chomhshaol dhomhanda. Déanfaidh siad taighde ar cheisteanna comhshaoil agus tuigfidh siad an fhreagracht phearsanta atá orthu as an chomhshaol agus an ról is féidir leo a ghlacadh lena chothabháil. Spreagfar páistí lena gcuid tuairimí féin a fhorbairt trí bheith ag freagairt do spreagthaigh chomhshaoil.

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

- ceisteanna agus íomhánna a bhaineann le héicealaoch
- feasacht chomhshaoil sa phobal áitiúil
- cur chuige fiontraíochta a úsáid

Na hEalaíona

An Domhan Thart Orainn

Corpoideachas

An Baill de Phobal Éiceabhách Muid?

Cuspóirí Molta Foghlama

- Na gnéithe deimhneacha agus na gnéithe diúltacha den phobal ó thaobh an chomhshaoil a aithint.
- Tuairimí pearsanta a chur in iúl.

Gníomhaíochtaí Molta

Cuirfidh an rang suíomh roinnt scéalta i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile, mar shampla, Watership Down, Charlotte's Web, Charlie and the Chocolate Factory.

Díreoidh siad ar cuid de na rudaí sa cheantar áitiúil nach bhfuil siad sásta leo, mar shampla, easpa spásanna imeartha, nó áiteanna contúirteacha. Pléifidh siad roinnt gnéithe deimhneacha den cheantar áitiúil.

Bainfidh siad úsáid as réimse meán chun léiriú a thabhairt ar an chuma a bheadh ar phobal éiceabhách agus ar phobal neamh-éiceabhách (cuirfidh siad gnéithe den phobal áitiúil san áireamh). Déanfaidh siad an obair a thaispeáint, a chur i láthair agus a phlé. Déanfaidh gach dalta a ionchur féin agus ionchur na ndaoine eile a mheas agus molfaidh siad feabhsuithe de réir mar is gá.

Díospóireacht ranga: An pobal éiceabhách nó neamh-éiceabhách muid?

Ceisteanna, Íomhánna Agus Mothúcháin

Cuspóirí Molta Foghlama

- Caitheamh éagothrom agus stéiréitíopáil sna meáin a aithint.
- Éirí eolach ar an dóigh a mbíonn tionchar ag na meáin ar an dóigh a mbraithimid ar rudaí.
- Bheith eolach ar an dóigh le roinnt teicnící léiriúcháin a úsáid.

Gníomhaíochtaí Molta

Molfaidh an rang focail nó idéanna a chuireann brí an téarma éicealaoch in iúl. Rangóidh siad na focail agus na hidéanna i roinnt catagóirí, mar shampla, ceisteanna, íomhánna agus mothúcháin. Sainaithneoidh siad na cineálacha mothúchán a dhúisíonn an téarma éicealaoch.

Pléigh leis an rang an dóigh a léirítear éicealaochra agus an dóigh a dtéann sin i bhfeidhm ar an dearcadh atá againn orthu. Fiosróidh na daltaí an ról atá ag nuachtáin agus ag na meáin eile maidir le tuairimí agus dearcaidh ar éicealaochra a chur chun cinn. Amharcfaidh siad ar shuímh ghréasáin roinnt nuachtán le fáil amach faoin mhéid agus faoin chineál tuairisceoireachta atá déanta ar an ábhar. Déanfaidh siad anailís ar an fhaisnéis seo agus pléifidh siad cé acu a dhéantar léiriú cothrom ar éicealaochra nó nach ndéantar.

Ar mhaith leat a bheith i d'éicealaoch? Cad chuige?

Déanfaidh na daltaí díospóireacht nó imirt ról a phleanáil agus a chur i láthair agus taispeánfaidh siad gnéithe éagsúla den scéal nó den cheist éiceolaíoch chéanna, agus áiseanna closamhairc in úsáid acu más cuí. Bainfidh siad úsáid as áis díospóireachta nó as clár teachtaireachtaí ar líne amhail 'Grid Club' le tuilleadh plé a dhéanamh ar na ceisteanna seo.



Fócas

Tabharfar páistí ar thuras ón seomra ranga, chuig an chomhshaol áitiúil, an chomhshaol náisiúnta agus an chomhshaol dhomhanda. Déanfaidh siad taighde ar cheisteanna comhshaoil agus tuigfidh siad an fhreagracht phearsanta atá orthu as an chomhshaol agus an ról is féidir leo a ghlacadh lena chothabháil. Spreagfar páistí lena gcuid tuairimí féin a fhorbairt trí bheith ag freagairt do spreagthaigh chomhshaoil.

An Domhan Thart Orainn

- áit
- idirthuilleamaíocht
- athrú thar am
- gluaiseacht agus fuinneamh

Na hEalaíona

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

Corpoideachas

Comharsana Domhanda

Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith eolach ar ghnéithe agus ar chomhathruithe in áiteanna éagsúla ar fud an domhain.
- An idirthuilleamaíocht atá le fáil sa dúlra a thuiscint.
- An tionchar is féidir a bheith ag daoine ar an domhan a thuiscint.
- Bheith eolach ar dhóigheanna ina mbíonn tionchar ag áit ar bheatha.
- An fáth a mbíonn roinnt rudaí tairseach gan mórán d'athrú nó gan aon athrú ar bith a bheith orthu a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Bainfidh na daltaí úsáid as an phacáiste bogearraí 'Crystal Rainforest' agus réiteoidh siad na fadhbanna a dtéann siad i ngleic leo. Agus TFC in úsáid acu, déanfaidh siad an dul chun cinn san eachtra a thaifeadadh i bhfoirm dialainne. Pléifidh an rang na rudaí a ndeachthas i ngleic leo le linn na heachtra.

Bainfidh siad úsáid as 'Encarta World Atlas' nó as suíomh gréasáin amhail 'Grid Club' chun roinnt foraoisí báistí a aimsiú. Déanfaidh siad taighde ar shuíomh, ar ghnéithe aeráide agus ar ghnéithe fisiciúla na bhforaoisí báistí. Roghnóidh siad gné amháin den aeráid agus cuirfidh siad i gcomparáid leis an aeráid áitiúil í. Dearfaidh siad modh chun na torthaí seo a thaifeadadh agus a chur i láthair i bhfoirm ghrafach. Déanfaidh siad líníochtaí simplí de réir scála chun meánairde na gcrann san fhoraois bháistí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le meánairde na gcrann sa bhaile.

Gheobhaidh na daltaí amach faoi ainmhithe na foraoise báistí. Roinn an rang ina ngrúpaí beaga, agus iarr ar gach grúpa comhad fíricí a chur le chéile do gach ainmhí roghnaithe. Déanfaidh siad eolas a bhailiú, a thaifeadadh agus a chur i láthair agus bogearraí TFC amhail 'Numberbox 2' in úsáid acu. Fiosróidh siad samplaí de na hidirghaolta atá idir gach beathachruth san fhoraois bháistí agus bogearraí TFC amhail 'Stagecast Creator' in úsáid acu.

Cuirfidh na daltaí saol na ndaoine i bhforaoisí báistí difriúla i gcodarsnacht lena chéile, mar shampla, muintir Yanomami (An Amasóin), muintir Caiapo (An Amasóin) agus muintir Huli Wigmen (Nua-Ghuine Phapua). Déanfaidh siad machnamh ar cé acu a d'athraigh an saol do cheann ar bith de na treibheanna le himeacht aimsire nó nár athraigh. Baileoidh agus léifidh na daltaí miotais treibhe agus freagróidh siad dóibh.

Pléigh leis an rang ceist dhífhoraoisiú na bhforaoisí báistí agus an dóigh a dtéann seo i bhfeidhm orainn. Amharcfaidh na daltaí ar shuíomh gréasáin na heagraíochta 'Survival' le fáil amach faoi na feachtais is déanaí atá ar bun acu. Scríobhfaidh siad litir nó seolfaidh siad ríomhphost chuig an eagraíocht lena gcuid tuairimí agus barúlacha a chur in iúl.

Déanfaidh na daltaí machnamh ar an fhreagracht atá orainn as an chomhshaol dhomhanda, mar shampla, trí shuirbhé a dhéanamh ar úsáid páipéir agus trí earraí páipéir athchúrsáilte éagsúla a fhiosrú. Déanfaidh siad turgnaimh le fáil amach faoi ionsúiteacht, faoi neart agus faoi bhuanfas earraí páipéir athchúrsáilte agus cuirfidh siad iad i gcomparáid le hearraí cosúla neamh-athchúrsáilte. Bainfidh siad triail as páipéar athchúrsáilte a dhéanamh. Déanfaidh siad machnamh ar dhóigheanna ar féidir difear a dhéanamh go háitiúil, mar shampla, earraí páipéir a athúsáid le samhail a dhéanamh, páipéar beartán athchúrsáilte a dhéanamh nó tionscnamh athchúrsála páipéir a chur ar bun ar scoil. Déan machnamh ar thionscadal fiontair trádála a chur ar bun trí earraí páipéir athchúrsáilte a tháirgeadh, agus leag béim ar choincheap an tuillimh, an bhuiséadaithe agus an airgid phearsanta.

Cad é mar is Féidir Linn an Domhan a Fheabhsú?

Cuspóirí Molta Foghlama

- Éifeachtaí an fhuinnimh inathnuaite a thuiscint.
- Iarmhairtí na gceisteanna comhshaoil domhanda a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Déanfaidh na daltaí taighde ar fhoinsí inathnuaite agus ar fhoinsí neamh-inathnuaite fuinnimh agus pléifidh siad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leo. Dearfaidh agus déanfaidh siad samhail a úsáideann foinse inathnuaite fuinnimh, mar atá roth uisce nó luamh tíre. Glacfaidh siad páirt i gconair 'Living Lightly' ag Daonpháirc Uladh-Mheiriceá.

Iarr ar na daltaí ceist chomhshaoil a fhiosrú a bheadh ábhartha ó thaobh shuíomh na scoile, mar shampla, crann gutháin nó tuirbín gaoithe atá le cur suas nó bóithre úra nó tithíocht úr atá le tógáil. Déanfaidh siad bileog bhailithe sonraí a chruthú, a úsáid agus a mheas chun agallamh a chur ar chónaitheoirí áitiúla faoina dtuairimí. Achoimreoidh siad na tuairimí i leith agus in éadan na héicicheiste agus bainfidh siad úsáid as bogearraí láithreoireachta amhail Slideshow nó PowerPoint chun cur i láthair a dhéanamh don chuid eile den scoil, do thuismitheoirí nó don chomhairle áitiúil, nó d'fhéadfadh siad páirt a ghlacadh i ndíospóireacht taobh istigh de 'Grid Club'.

Roghnaigh ceist chomhshaoil domhanda reatha ar féidir leis an rang iomlán taighde a dhéanamh uirthi, mar atá, téamh domhanda, leá oighearchaidhpeanna, truailliú, scrios an chisil ózóin agus na bhforaoisí báistí agus an tábhacht atá le hacmhainní neamh-inathnuaite a chaomhnú.

Cad é Mar is Féidir Linn Comhshaol na Scoile a Fheabhsú?

Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith eolach ar na dóigheanna ina n-úsáidimid fuinneamh.
- An fhreagracht atá orainn chun cuidiú le caomhnú an chomhshaoil a thuiscint.

Gníomhaíochtaí Molta

Pléifidh an rang idéanna faoi fhuinneamh; cá bhfaighimid ár bhfuinneamh, foinsí an fhuinnimh a úsáidtear sa bhaile agus ar scoil, agus déanfaidh siad machnamh ar an dóigh a n-úsáidimid fuinneamh. Fiosróidh siad úsáid fuinnimh ar scoil, mar shampla, úsáid ola, léamha an mhéadair leictreachais agus úsáid uisce, agus fiosróidh siad an méadú ar an ionadluach. Agus bogearraí TFC amhail 'Numberbox 2' in úsáid acu, déanfaidh na daltaí léamha a thaifeadadh agus a chur i láthair thar thréimhse seachtaine agus déanfaidh siad suirbhé ar fhoirgneamh na scoile, ag tabhairt airde ar leith ar na háiteanna sin a mbíonn fuinneamh á chur amú.

Déanfaidh siad taighde ar dhóigheanna ar féidir fuinneamh a shábháil, ag cur san áireamh an dóigh ar chaomhnaigh scoileanna agus tíortha eile fuinneamh go cruthaitheach agus an dóigh ar éirigh siad níos éiceabháiche. Gheobhaidh an rang amach faoi thionscnamh na n-éicascoileanna agus ginfidh siad idéanna faoin dóigh ar féidir fuinneamh a shábháil ar scoil. Socróidh siad ar phlean gnímh chun comhshaol na scoile a fheabhsú, mar shampla, tionscadal athchúrsála a chur ar bun.

Bainfidh siad úsáid as bogearraí TFC amhail 'Spider' le leathanaigh ghréasáin a dhearadh, a chruthú agus a fhoilsiú chun aird a dhíriú ar éicicheisteanna agus chun deiseanna a chur ar fáil do dhaoine aiseolas a thabhairt.

Fócas

Tabharfar páistí ar thuras ón seomra ranga, chuig an chomhshaol áitiúil, an chomhshaol náisiúnta agus an chomhshaol dhomhanda. Déanfaidh siad taighde ar cheisteanna comhshaoil agus tuigfidh siad an fhreagracht phearsanta atá orthu as an chomhshaol agus an ról is féidir leo a ghlacadh lena chothabháil. Spreagfar páistí lena gcuid tuairimí féin a fhorbairt trí bheith ag freagairt do spreagthaigh chomhshaoil.

Corpoideachas

- réimse gluaiseachtaí
- freagairt do cheol
- ag obair go héifeachtach le páirtí
- feidhmiú a mheas agus a fheabhsú

Na hEalaíona

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

An Domhan Thart Orainn

Ainmhithe Dufaire

Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith eolach ar an dóigh le cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí agus gluaiseachtaí coirp a fhiosrú agus a bheachtú.
- Bheith in ann réimse gluaiseachtaí agus sraitheanna gearra a dhéanamh ina n-aonar agus le páirtí.
- Bheith eolach ar an dóigh le réimse fearais idir bheag agus mhór a úsáid go héifeachtach agus go sábháilte.

Gníomhaíochtaí Molta

Bain úsáid as eitilt agus gluaiseacht ainmhithe dufaire mar théama agus mar spreagthach don rang chun réimse gluaiseachtaí a fhorbairt agus a chleachtadh. Déanfaidh siad seo ar an urlár ar dtús agus bainfidh siad úsáid as cineálacha éagsúla fearais ina dhiaidh sin. Déanfaidh siad sraith ghearr gluaiseachtaí a chruthú agus a chur i láthair chun corpfheasacht a fhorbairt, agus iad ag athrú luais, crutha agus treo.

Roinn an rang ina ngrúpaí beaga agus ceap ceannaire ar gach grúpa. Ligfidh an ceannaire air féin gur ainmhí foraoise é agus déanfaidh gach duine eile aithris ar a ghníomhaíochtaí agus iad ag gluaiseacht ar fud an halla. Ceap ceannairí úra mar is cuí. Bainfidh na daltaí úsáid as réimse gluaiseachtaí, ó chruthanna ainmhíocha beaga gasta go cruthanna fadálacha leathana. Athróidh siad luas na gluaiseachta agus cruth an ainmhí.

Éistfidh na daltaí le hamhráin ó Jungle Book le Walt Disney, cruthóidh siad gluaiseachtaí leis an amhrán nó le hainmhí a chur in iúl. Amhráin mholta: 'I Wanna Be Like You' (amhrán an mhoncaí), 'Bare Necessities', Colonel Hatchi March' (amhrán na heilifinte).

Damhsa na Foraoise Báistí

Cuspóirí Molta Foghlama

- Smacht, comhordú agus staidiúir is fearr a léiriú agus iad ag freagairt do cheol, agus cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí agus gothaí in úsáid acu.
- Bheith eolach ar an dóigh le damhsa simplí a struchtúrú.
- Bheith eolach ar an dóigh lena gcuid gluaiseachtaí féin agus gluaiseachtaí daoine eile a fheabhsú.

Gníomhaíochtaí Molta

I ndiaidh gníomhaíochtaí Fhuaimeanna na Foraoise Báistí i rannán na nEalaíona a chur i gcrích, pléigh leis an rang na cineálacha gluaiseachtaí a mbeadh baint acu le fuaimeanna foraoise báistí. Amharcfaidh na daltaí ar phictiúir d'ainmhithe a bhfuil cónaí orthu sna foraoisí báistí. Pléifidh agus sainaithneoidh an rang a oiread gluaiseachtaí agus is féidir agus cuirfidh siad síos orthu, mar shampla:

- *marmaisín – ag gluaiseacht anois agus arís;*
- *feithidí – gluaiseachtaí ciúine gasta;*
- *ainmhithe – ag athrú leibhéal, luasanna agus treonna;*
- *crainn – ag gluaiseacht mar gheall ar an ghaoth nó ar an bháisteach nó a bheith á leagan.*

An féidir leat gluaiseacht mar a bheadh ceann de na hainmhithe ann? Smaoinigh ar an chruth atá air, cé acu a bhíonn sé ag gluaiseacht go fadálach nó go gasta? An ainmhí mór nó beag é? An féidir leat roinnt gluaiseachtaí a chur le chéile chun leibhéil, cruthanna agus luasanna codarsnacha a thaispeáint?

Bain úsáid as ceol andúchasach nó as ceol ainmhíoch mar spreagthach gluaiseachta le linn ceachta corpoideachais. Déanfaidh an rang gluaiseachtaí éan agus gluaiseachtaí ainmhithe a fhiosrú, a roghnú agus a chleachtadh, mar shampla, glacfaidh siad céimeanna ollmhóra nó céimeanna beaga gasta agus ainleoidh siad mar a bheadh éin mhóra ann. Cruthóidh siad sraith chodarsnach gluaiseachta, cuirfidh siad seo i láthair do dhaoine eile agus pléifidh siad na dóigheanna ar féidir í a fheabhsú.

Ina mbeirteanna, déanfaidh na daltaí sraith bheag a chruthú agus a chleachtadh, a léiríonn gluaiseachtaí na n-ainmhithe agus na bplandaí san fhoraois bháistí. Déanfaidh siad machnamh ar na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí coirp, agus taispeánfaidh siad athruithe follasacha luasanna, leibhéal agus treonna. Ní mór a chinntiú go bhfuil tús, lár agus críoch leis an damhsa.

Iarr ar na daltaí na damhsaí a dhéanamh os comhair daoine eile agus iarr ar na daoine eile cur síos ar na rudaí ar thaitin leo faoi chuid de na damhsaí. An féidir leo cur síos ar na difríochtaí idir gluaiseachtaí ainmhithe agus plandaí áirithe? Cad chuige ar thaitin gluaiseachtaí áirithe leo? Cén dóigh arbh fhéidir leo an damhsa a fheabhsú?

NB:
Is féidir go mbeadh rian ceoil 8 ar 'Music at Key Stage 2' CD-ROM (CCEA) úsáideach le gluaiseachtaí éan agus gluaiseachtaí ainmhithe a fhiosrú

Cuidiú le Scileanna a Fhorbairt

I ngach réimse sa SFN seo, tá deiseanna ann chun taithí a chur ar fáil le cuidiú le scileanna a fhorbairt sna réimsí seo a leanas; Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice, Úsáid TFC agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

Cumarsáid

- Úsáid a bhaint as réimse leathan foinsí chun eolas ábhartha a aimsiú agus a úsáid.
- Obair a eagrú agus a struchtúrú go neamhspleách.
- Tosú ar thátail agus ar chonclúid a bhaint as sonraí.
- Tuairimí a mhíniú agus seasamh leo.
- Bheith eolach ar chineálacha, ar struchtúir agus ar ghnéithe éagsúla téacsanna.
- Labhairt chun críocha éagsúla agus stór focal is fairsinge a úsáid.
- Caint a struchtúrú agus a chur in ord chun riar ar lucht éisteachta.
- Obair a sheiceáil chun cruinneas a chinntiú agus a athdhréachtú chun brí a fheabhsú.

Úsáid na Matamaitice

- Sonraí a shainaithint, a bhailiú agus a thaifeadadh taobh istigh de chomhthéacsanna a bhfuil cuspóir leo.
- Eolas a fháil ó réimse graf agus léaráidí agus tátail a bhaint astu.
- Crann rogha a dhearadh agus a úsáid chun grúpa réad a rangú nó a shainaithint.
- Úsáid a bhaint as an stór focal a bhaineann le dóchúlacht.
- Tomhas a dhéanamh agus nodaireacht cheart in úsáid acu, agus scálaí a léamh ceart go dtí céim chruinnis chuí.
- Bheith eolach ar an dóigh le hocht n-airde an chompáis a úsáid.
- Pointí a bhreacadh ar an chéad cheathrú.
- Buiséadú agus caiteachas a thuiscint.
- Úsáid a bhaint as na 4 oibríocht uimhris le fadhbanna a réiteach.

Úsáid TFC

- Taighde agus eagarthóireacht a dhéanamh ar eolas/ sócmhainní agus iad a roghnú, a eagrú agus a chur i láthair agus réimse foinsí digiteacha in úsáid acu.
- Sócmhainní ar thángthas orthu nó sócmhainní féintáirgthe a phróiseáil; téacs, uimhir, fuaim, íomhánna gluaiste nó grianghraif san áireamh, agus iad seo a chomhshnaidhmeadh lena gcuid oibre a chruthú, a chur i láthair agus a chur in iúl, agus iad ag léiriú tuisceana ar lucht féachana agus ar chuspóir.
- Idéanna a fhorbairt agus a chur in iúl trí théacs a chruthú agus eagarthóireacht a dhéanamh air ar scáileán, agus seo a chomhshnaidhmeadh le híomhánna roghnaithe cuí agus/nó le fuaim.
- Úsáid a bhaint as modhanna comhaimseartha digiteacha chun eolas a chur in iúl, a roinnt agus a mhalartú le piaraí.

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

Eolas a bhainistiú: Ceisteanna is fairsinge agus is doimhne a chur leis an tasc a shoiléiriú, le pleanáil a dhéanamh agus le spriocanna a leagan síos. Tuiscint a léiriú ar lucht féachana agus ar chuspóir. Modhanna a fhorbairt chun eolas a bhailiú agus a thaifeadadh agus chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn taisc.

Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht: Patrúin agus gaolta a shainaithint. Modhanna, tuairimí agus conclúidí a mhíniú agus seasamh leo. Tuartha a dhéanamh agus a thástáil, nasc a dhéanamh idir cúiseanna agus iarmhairtí féideartha. Idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus ficsean. Níos mó ná dearcadh amháin a thuiscint. Roghanna a fhiosrú agus buntáistí agus míbhuntáistí a mheas. Réitigh mhalartacha agus cineálacha malartacha cur chuige a thriail.

Bheith Cruthaitheach: Rudaí a thriail ar dhóigh shúgrach. Fadhbanna a chuardach agus dúshlán an mhodha ghnáthaimh a thabhairt. Na deiseanna is féidir a bheith ann de bharr dearmad agus teipeanna a aithint. Tógáil ar a gcuid idéanna agus taithí féin agus ar idéanna agus taithí daoine eile, agus na céadfaí uile in úsáid acu. Dearaí, gníomhaíochtaí agus torthaí éagsúla a thriail. Meas a léiriú ar idéanna daoine eile.

Ag Obair le Daoine Eile: Ag éirí neamhspleách. Aiseolas a thuiscint agus freagairt dó. Bheith freagrach as tascanna agus as róil i ngrúpaí. Bheith ag obair chun comhaontuithe a bhaint amach agus ag tosú ar easaontuithe a bhainistiú.

Féin-bhainistiú: Bheith féin-stiúrtha trí bheith ag obair leo féin. Bheith ag obair i dtreo spriocanna pearsanta a bhaint amach. An méid atá siad ag foghlaim a mheas agus a gcur chuige a chur i gcomparáid le cur chuige daoine eile. Na dóigheanna a bhféadfadh a gcuid foghlama bheith mar an gcéanna/ difriúil i gcomhthéacsanna difriúla a shainaithint.

Áiseanna Molta Éicealaochra

Áiseanna Digiteacha

Bogearraí TFC

Crystal Rainforest 2000, Sherston Software Ltd.

Designmer or Colour Magic

Encarta World Atlas

Fresco

Information Workshop

Interfact: Rainforests

Numberbox 2

Number Magic

Paw Prints

Publisher

Slideshow, Textease nó PowerPoint

Spider

Stagecast Creator, Stagecast Software Inc

The Egyptians

Young Writers' Workshop

Suímh Mholta Ghréasáin

Ask for Kids – inneall cuardaigh
www.ajkids.com

BBC Northern Ireland Learning
www.bbc.co.uk/ni/learning

Canterbury Environmental Education Centre
www.naturegrid.org.uk

Eco-Schools
www.eco-schools.org.uk

ENCAMS – Keep Britain Tidy Campaign
www.encams.org/northernireland/index.asp

Enchanted Learning – All About Rainforests
www.enchantedlearning.com/subjects/rainforests

Environment and Sustainable Development
http://education.staffordshire.gov.uk/Curriculum/Subjectareas/esd/

E-Teach – suíomh gréasáin iontach do mhúinteoirí ar a bhfuil naisc úsáideacha chuig suímh ghréasáin do pháistí.
www.eteach.com/resources/index.asp

Friends of the Earth
www.foe.co.uk

Garbage – How can my community reduce waste?
www.learner.org/exhibits/garbage/

Grid Club
www.gridclub.com

Museums and Galleries Northern Ireland
www.magni.org.uk

Natural Geographic
www.naturalgeographic.com

Passport to the Rainforest
www.passporttoknowledge.com/rainforest

RSPB
www.rspb.org.uk/repb.asp - Taighde is déanaí ó RSPB

The Ark – Ionad Cultúrtha do Pháistí
www.ark.ie

The Contemporary Music Centre Ireland
www.cmc.ie

Youth Sport Trust – Cuardaigh le haghaidh TOP Dance
www.youthsporttrust.org

Físeán ar 'Fuinneamh In-athnuaite'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/501/gaeilge/

Áiseanna Digiteacha ar leanúint

Suímh Mholta Ghréasáin

Físeán ar 'Stair na hÉireann dar le Fíbín' – seónna puipéad.
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/115/gaeilge/

Suíomh agus Físeáin ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire' –Ceol (Físeán 4)
www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/

Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire' – Ceol Traidisiúnta (Físeán 5)
www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/

Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire' – Rac-Cheol (Físeán 6)
www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/

Físeán ar 'Nollaig Brolly' – ceoltóir agus amhránaí ó Dhún Geimhin
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/505/gaeilge/

Físeáin ar 'Allan Mac Donald' – píobaire clúiteach as Albain
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/379/gaeilge/

Físeán ar 'Píobairí Ard Mhacha'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/310/gaeilge/

Físeáin ar 'Ealaín na Gaeltachta
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/435/gaeilge/

Físeán ar 'Ciarán Sweeney' – dearthóir Éireannach
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/461/gaeilge/

Físeán ar 'Tionscadal na Saimbia / Project Zambia' – 6 fhíseán ar fad'
www.bbc.co.uk/irish/articles/view/637/gaeilge/

Físeán ar 'An Bhriotáin'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/384/gaeilge/

Físeán ar 'Corn na Breataine'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/429/gaeilge/

Físeán ar 'Asturias'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/292/gaeilge/

Físeán ar 'Oileán Mhanainn'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/442/gaeilge/

Físeán ar 'An Bhreatain Bheag Thuaidh'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/499/gaeilge/

Físeán ar 'Glaschú'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/438/gaeilge/

Físeán ar 'Oileán Íle', atá suite idir Éire agus Alban
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/723/gaeilge/

Físeán ar 'Iúr Cinn Trá'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/498/gaeilge/

Físeán ar 'San Diego'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/532/gaeilge/

Físeán ar 'Nua Eabhrac'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/504/gaeilge/

Físeán ar 'Nua Eabhrac 9/11'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/497/gaeilge/

Físeán ar 'Nua Eabhrac 9/11'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/497/gaeilge/

Físeán ar 'An Ostair'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/452/gaeilge/

Físeán ar Ollscoil Notre Dame, Indiana
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/111/gaeilge/

Áiseanna Digiteacha ar leanúint

Suímh Mholta Ghréasáin

Físeán ar 'Bostún'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/363/gaeilge/

Físeán ar 'Alexandria, Virginia'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/326/gaeilge /

Físeán ar 'Chicago'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/460/gaeilge/

Físeán ar 'Parás'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/508/gaeilge/

Físeán ar 'Inbhear Nis, an Albain'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/471/gaeilge/

Físeán ar 'Barcelona'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/455/gaeilge/

Físeán ar 'An Eilvéis'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/525/gaeilge/

Físeán ar 'Amstardam'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/386/gaeilge/

Físeán ar 'An Róimh'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/536/gaeilge/

Físeán ar 'Logainmneacha Bhéal Feirste
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/433/gaeilge/

Físeán ar 'Damhsa Sean-Nóis'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/114/gaeilge/

Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire – Damhsa Gaelach – (Físeán 3)
www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/

Físeán ar 'Capoeira' – ealaín/damhsa ó thraidisiún na Brasáile
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/459/gaeilge/

Físeán ar 'Havana'che' – ceol agus Damhsa ó Chúba
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/468/gaeilge/

Físeáin de dhamhsaí difriúla domhanda – i mBéarla
www.bbc.co.uk/cbeebies/boogiebeebies/world/

www.tg4.ie

Sean-leaganacha den pháipéar laethúil 'LÁ'
www.nuacht.com

http://www.raidiofailte.com/

Áiseanna Traidisiúnta

Leabhair/ Ábhair Teagaisc

Adventures Into Deepest Borneo (The Reader's Digest Association Limited:1994)

Children Just Like Me Annabel Kindersley and Barnabas Kindersley (Dorling Kindersely: 1995) ISBN: 0751353272

Closer Look at the Rainforest Selina Woods (Copper Beech: 1997) ISBN: 0761305467

Creative Textiles in the Primary School NEELB (Leathanach 27)

Explore Music Through Geography David Wheway & Shelagh Thomson (Oxford University Press: 1993) ISBN: 0193218720

Listening to Music Elements Age 7+, Recordings of Music from Different Times and Places with Activities for Listening, Performing and Composing Helen McGregor (A&C Black: 1996) ISBN: 0713644559

Music at Keystage 2 CCEA (1999) ISBN: 1858851947

Déanaimse mo chion (An Gúm:2007) ISBN: 9781857916829

An Búmarang (An tÁisaonad: 2004) ISBN: 0790130378

Eiteóga le heitilt (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 9780077120665

Dobharacha (An tÁisaonad: 2004) ISBN: 079013029

Ulcabháin (An tÁisaonad: 2004) ISBN: 0790130327

An Fhoraois Bháistí (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 9780737248227

Fuar! Antartaice agus An tArtach (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 9780732748197

Aintín Áine is a hArracht (An tÁisaonad 2008) ISBN: 9780732748104

Daidí Áine (An tÁisaonad 2008) ISBN: 9780732748081

Meascán Moncaithe (An tÁisaonad 2007) ISBN: 9780732747442

Béir Bhána (An tÁisaonad 2004) ISBN:079013022X

An Chuileog (An tÁisaonad 2003) ISBN: 0790130068

Urú (An tÁisaonad 2004) ISBN: 0790130424

Ollphlanda don ollphlanda (An tÁisaonad 2005) ISBN: 0790130726

Lá an Dreoilín i gCorca Dhuibhne (An Gúm 2008) ISBN: 9781857917024

An Píobaire Breac agus dánta eile do pháistí (Coischéim 2004)

Ní Mar a Shíltear a Bhítear (An tÁisaonad 2008) ISBN: 9780732748135

Leabhar mór an eolais (An Gúm 2007) ISBN: 9781857916348

Closáiseanna/Amharcáiseanna (Téacsanna Meán)

BBC Radio, **Today and Yesterday, The World Around Us: 'The Way We Live'** – Eco-Warrior Summer 2004 (cód ordaithe don chaiséad 040361) Nótaí múinteoirí agus ábhar idirghníomhach ar fáil ar shuíomh gréasáin Today and Yesterday.

BBC Television, **'The World Around Us – Geography'** Fómhar 2003

Music at Keystage 2 CD-ROM - Rian ceoil 8 (CCEA)

Jungle Book Scannán agus dlúthdhiosca – Disney

4Learning Education for Sustainable Development video **'planet.com'** cód ordaithe: 254278 (féach suímh ghréasáin)

4Learning Sci-Tech NI Programme 4 **'Natural Forces'** cód ordaithe: 400062 (féach suímh ghréasáin)

Áiseanna Traidisiúnta ar lean

Leabhair/ Ábhair Teagaisc

People in the Rainforest Saviour Pirotta
(Hodder Wayland:1998)
ISBN: 0750221976

Primary School Gymnastics: A Teaching Manual: KS2
Val Sabin, (Val Sabin Publications: 2002)
ISBN: 1897651392

Eagraíochtaí

Teagmhálacha Úsáideacha

Friends of the Earth

World Wildlife Federation

Áiteanna ar Fiú Cuairt a Thabhairt Orthu

ECOS Millennium Environmental Centre
Lána Kernohan
An Baile Meánach
Aontroim
BT43 7QA
028 2566 4400

Daonpháirc Uladh-Mheiriceá
2 Bóthar Mellon
An Ómaigh
BT78 5QY
028 8225 6320

Iarsmalann Uladh
Garraithe na Lus
Béal Feirste BT9 6TS
028 9038 3030

Tugtar faoi deara gurb iad na háiseanna thuasluaite na háiseanna atá molta ag múinteoirí a bhí páirteach i bhforbairt an SFN seo. Bhí na suímh mholta beo nuair a cuireadh an áis seo i gcló.

Foilseachán de chuid CCEA © 2009

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning